CLÁR COMÓRTHA CÉAD BLIAIN

Centenary Programme

AN LONGFORT / LONGFORD

The Seven Programme Strands
Seacht Snáithe an Chláir

THE IRELAND 2016 CENTENARY PROGRAMME is built on Seven Programme Strands which, taken together, reflect the themes of Remembering, Reconciling, Presenting, Imagining and Celebrating. The programme will continue to grow and develop over the coming months. To see the updated programme, other county programmes and the national programme for 2016, please visit www.ireland.ie

TÁ ÉIRE 2016: CLÁR COMÓRTHA CÉAD BLIAIN bunaithe ar Sheacht Snáithe an Chláir, agus nuair a thógtar iad sin i dteannta a chéile, léiríonn siad na téamaí Cuimhneamh, Athmhuintearas, Cur i Láthair, Samhlú agus Ceiliúradh. Leanfar ar aghaidh le fás agus forbairt na gclár sna míonna amach romhainn. Leis an gclár nuashonraithe a fheiceáil, chomh maith le cláir chontaetha eile agus an clár náisiúnta le haghaidh 2016, téigh chuig www.ireland.ie

State and Local Ceremonial
Searmanais Stáit agus Áitiúla

Formal commemorative events, focused on remembering and honouring those who took part in the Easter Rising, and especially those who gave their lives.

Beidh imeachtaí foirmiúla comóraidh ann a bheidh dírithe ar na daoine a ghlac páirt in Éirí Amach na Cásca, go háirithe iad siúd a thug a mbeatha lena linn, a thabhairt chun cuimhne agus a onórú.

Historical Reflection
Machnamh ar an Stair

A range of history-based activities and initiatives, designed to deepen and broaden our understanding of the events of 1916 and that pivotal period in our history.

Beidh réimse gníomhaíochtaí agus tionscnamh staire ann a cheapfar chun ár dtuiscint ar imeachtaí 1916 agus an tréimhse ríthábhachtach sin inár stair a dhoimhniú agus a leathnú.

The Living Language
An Teanga Bheo

Reflecting on the central place of the Irish language in the ideals of the Revolutionary Generation and celebrating the language through a diverse programme of events.

Cuirfear clár ilghnéitheach imeachtaí ar siúl mar léiriú ar áit lárnach na Gaeilge in idéil na glúine réabhlóidí agus chun an teanga a cheiliúradh.

Youth and Imagination
An Óige agus an tSamhlaíocht

Placing children and young people at the centre of the Ireland 2016 Centenary Programme and integrating historical exploration with a range of imaginative activities.

Cuirfear leanaí agus daoine óga i gcroílár Éire 2016: Clár Comórtha Céad Bliain agus déanfar iniúchadh ar cheisteanna staire a chomhtháthú le réimse gníomhaíochtaí samhlaíocha.

Cultural Expression
Léiriú Cultúrtha

Working with our creative community and arts organisations to reflect on our past, our present and our future, with a focus on 1916.

Oibriú lenár bpobal cruthaitheach agus eagraíochtaí ealaíon chun machnamh a dhéanamh ar an am atá thart in Éirinn, ar an saol atá ann faoi láthair agus ar a bhfuil i ndán dúinn amach anseo, agus béim faoi leith ar chuimhneachán 1916.

Community Participation
Rannpháirtíocht Phobail

Encouraging widespread citizen engagement in 1916 related events, involving the broadest possible community and voluntary sector participation in towns and villages throughout the country.

Saoránaigh a spreagadh le páirt a ghlacadh in imeachtaí a bhainfidh le 1916, sa chaoi is go mbeidh an rannpháirtíocht is mó is féidir ag na hearnálacha deonacha agus pobail i mbailte agus i sráidbhailte ar fud na tíre.

Global and Diaspora
Éireannaigh ar fud an Domhain agus an Diaspóra

Inviting the global Irish family and friends of Ireland from all over the world to join us in remembering, reflecting and re-imagining.

Cuireadh a thabhairt do chlanna Gael ó gach cearn den domhan agus do chairde na hÉireann a bheith linn agus muid ag cuimhneamh, ag déanamh machnaimh agus ag athshamhlú.

Foreword
Brollach

The centenary of the 1916 Rising is an opportunity to remember a decisive moment in our history and those who were involved in it, and to reflect on its background and the ideals that inspired it. It is also a time to reflect on and celebrate how Ireland has changed and progressed in the intervening century. In addition, the commemoration will prompt us to look forward. All of these elements are encapsulated in the seven strands of the Ireland 2016 Centenary Programme: state ceremonial, historical reflection, an teanga beo, youth and imagination, cultural expression, community participation, and global and diaspora.

LONGFORD 1916 AND THE AFTERMATH

A central part of the Longford programme is the commemoration of the people from here who participated in the Easter Rising—those born in the county and those who lived here.

At present, the list is as follows: Thomas Bannon, Patrick Belton, Patrick Connaughton, Patrick Doyle, Brigid Lyons, Alfred MacHugh, John McGrath, Michael McGrath, Francis McGuinness, Joseph McGuinness, Rose McGuinness, Áine Ní Riain and Eilís Ní Riain. It is possible that others may come to light.

While most of these individuals were in Dublin prior to Easter Week, three – Francis McGuinness, his niece Brigid Lyons and Thomas Bannon – travelled from Longford on Tuesday when they heard that the Rising had begun. They were allowed into the city because McGuinness was a Justice of the Peace and produced his warrant when stopped at a cordon. A small number of others also made the journey but were not admitted. The only action taken in Longford during the week was the cutting of telegraph wires by local Volunteers.

Deis atá i gcomóradh céad bliain Éirí Amach 1916 chun cuimhneamh ar thráth cinniúnach inár stair agus orthu siúd a ghlac páirt ann, agus chun machnamh a dhéanamh ar a chúlra agus na hidéil a thug spreagadh dó. Tráth atá ann, chomh maith, chun machnamh agus ceiliúradh a dhéanamh ar conas a tháinig athrú ar Éirinn agus conas a rinne sí dul chun cinn i rith an chéid idir an dá linn. Ina theannta sin, spreagfaidh an comóradh sinn chun féachaint chun cinn. Tá na gnéithe uile seo cuimsithe i seacht snáithe Chlár Comórtha Céad Bliain Éire 2016: searmanas stáit, machnamh ar an stair, an teanga bheo, an óige agus an tsamhlaíocht, léiriú cultúrtha, rannpháirtíocht an phobail, agus Éireannaigh ar fud an domhain agus diaspóra.

AN LONGFORT I 1916 AGUS NA HIARMHAIRTÍ

Cuid lárnach de chlár an Longfoirt is ea comóradh a dhéanamh ar na daoine ón gcontae a ghlac páirt in Éirí Amach na Cásca—iad siúd a rugadh sa chontae agus iad siúd a chónaigh anseo.

Faoi láthair, seo a leanas an liosta: Thomas Bannon, Patrick Belton, Patrick Connaughton, Patrick Doyle, Brigid Lyons, Alfred MacHugh, John McGrath, Michael McGrath, Francis McGuinness, Joseph McGuinness, Rose McGuinness, Áine Ní Riain agus Eilís Ní Riain. D'fhéadfadh go dtiocfadh daoine eile chun solais.

Cé go raibh formhór na ndaoine seo i mBaile Átha Cliath roimh Sheachtain na Cásca, thaistil triúr díobh – Francis McGuinness, a neacht, Brigid Lyons, agus Thomas Bannon – ón Longfort ar an Mháirt nuair a chuala siad go raibh an tÉirí Amach tosaithe. Tugadh cead isteach sa chathair dóibh mar gheall gur Ghiúistís Síochána a bhí in McGuinness agus sholáthair sé a bharántas nuair a stopadh é ag cordún. Thug líon beag daoine eile faoin turas chomh maith, ach níor tugadh cead isteach dóibh. Ba é an t-aon ghníomh ar tugadh faoi sa Longfort i rith na seachtaine ná gur ghearr na hÓglaigh áitiúla sreanga teileagraif.

However, the legacy of the Rising was very significant in the county. The rise of Sinn Féin in 1917 was due in part to by-election victories, one of which was in South Longford in May. Joe McGuinness, then in Lewes Gaol for his role in the Rising, was nominated as a candidate and the popular campaign slogan was 'Put him in to get him out'. McGuinness defeated the Home Rule candidate, Patrick McKenna, in a result that shocked the establishment. The campaign was intense and involved numerous major figures in Sinn Féin including Michael Collins. McGuinness's victory brought Longford into focus and it inspired many locals to become politically active. It is also clear from the testimony of many activists from various places that the by-election campaign helped to create friendships amongst those involved in it and that it energised the wider movement.

LONGFORD 2016 PROGRAMME

Several events and projects will highlight the local connections from various perspectives including historical, artistic and dramatic. Overall, the programme has strong historical and cultural content, caters for all age-groups and has a county-wide reach. Its range of activities indicates the great enthusiasm of so many community groups in Longford for Ireland 2016.

Bhain tábhacht mhór le hoidhreacht an Éirí Amach, áfach, sa chontae. Bhí teacht i réim Shinn Féin i 1917 mar thoradh páirteach ar bhuanna sna fothoghcháin, a raibh ceann amháin díobh ar siúl sa Longfort Theas i mBealtaine. Ainmníodh Joe McGuinness, a bhí gafa i bPríosún Lewe mar gheall ar an ról a bhí aige san Éirí Amach, mar iarrthóir agus ba é an sluán a bhí i mbéal an phobail ag an tráth ná 'Cuir isteach é go mbainfear amach é'. Bhí an bua ag McGuinness ar iarrthóir an Rialtais Dúchais, Patrick McKenna, agus bhain an toradh a bhain sé amach geit as an mbunaíocht. Bhí an feachtas dian agus bhí roinnt mhaith pearsana móra le rá ann i Sinn Féin, Mícheál Ó Coileáin ina measc. Thug bua McGuinness an Longfort chun solais agus spreag sé go leor daoine áitiúla chun páirt ghníomhach pholaitiúil a ghlacadh. Is soiléir, chomh maith, ó theistiméireacht go leor gníomhaíoch ó áiteanna éagsúla gur chabhraigh an feachtas fothoghcháin chun cairdeas a chruthú i measc na ndaoine a bhí bainteach agus chuir sé tiomáint chun cinn faoin ngluaiseacht níos fairsinge.

CLÁR 2016 AN LONGFOIRT

Leagfaidh roinnt imeachtaí agus tionscadal an bhéim ar na ceangail áitiúla ó dhearcthaí éagsúla, ina measc, dearcthaí stairiúla, ealaíonta agus drámatúla. Ar an iomlán, tá ábhar tréan stairiúil agus cultúrtha sa chlár agus freastalaíonn sé ar gach aoisghrúpa agus tá aimsiú fud fad na tíre aige. Léiríonn réimse gníomhaíochtaí an chláir an díocas mór atá ar an oiread sin grúpaí pobail sa Longfort i dtaobh Éire 2016.

Programme
An Clár

Ceremonial
Searmanais

01.01.2016 St. Mel's Cathedral Ard-Eaglais Naomh Mel	**Inter-faith Ecumenical Service.** An inter-faith ceremony to mark the coming year and remember those whose lives were affected by the Rising and its aftermath.	**Seirbhís Éacúiméineach Idirchreidimh.** Searmanas idirchreidimh chun ceiliúradh a dhéanamh ar an mbliain amach romhainn agus chun cuimhneamh orthu siúd a ndearna an tÉirí Amach agus an tréimhse ina dhiaidh difear dá saol.
01.2016 Longford town, Kenagh, Lanesborough and Legan Baile an Longfoirt, Caonach, Béal Átha Liag agus an Liagán	**Unveiling of Ireland 2016 signage.** The launch of dedicated signage at the entrance points to Co. Longford, to raise awareness of the upcoming programme of events commemorating the 1916 Rising. Blue signs will mark locations associated with the Longford participants.	**Comharthaíocht Éire 2016 a chur i láthair go poiblí.** Comharthaíocht thiomanta a sheoladh ag bealaí isteach chuig Contae an Longfoirt, chun feasacht a mhúscailt ar an gclár imeachtaí a bheidh ag teacht aníos a dhéanann comóradh ar Éirí Amach 1916. Tabharfaidh comharthaí gorma na láithreacha le fios a raibh baint acu le rannpháirtithe an Longfoirt.
22.04.2016–24.04.2016 Longford town Baile an Longfoirt	**Official 1916 Rising Commemoration.** The weekend will include a variety of events organised by Longford County Council with a mixture of ceremonial occasions and other events. It will have broad community involvement and will encompass a number of the programme strands. The highlight of the programme will be a parade on 24 April, drawing together commemoration and creativity, and shall include, among others, relatives of the Longford men and women who participated in the Rising, members of our Defence Forces—Óglaigh na hÉireann—past and present, and the Aisling Children's Arts Festival.	**Comóradh Oifigiúil ar Éirí Amach 1916.** Áireofar leis an deireadh seachtaine imeachtaí éagsúla a eagróidh Comhairle Contae an Longfoirt ina mbeidh meascán d'ócáidí agus imeachtaí eile. Beidh rannpháirtíocht fhairsing an phobail iontu agus cuimseofar roinnt de shnáitheanna an chláir. Mórshiúl a bheidh mar bhuaicphointe an chláir an 24 Aibreán, lena nascfar idir chomóradh agus chruthaitheacht, agus áireofar leis, i measc rudaí eile, gaolta fhir agus mhná an Longfoirt a bhí páirteach san Éirí Amach, comhaltaí ár bhFórsaí Cosanta—Óglaigh na hÉireann—ón aimsir atá caite agus ón lá atá inniu ann, agus Féile Ealaíon Leanaí Aisling.

22.04.2016–24.04.2016 Longford town Baile an Longfoirt	**1916-era shop display.** Vacant shop window(s) will be dressed in a period style to reflect the goods and advertisements that the people of 1916 would have been familiar with. Retail businesses in Longford town will be encouraged to participate also.	**Taispeántas siopa ó ré 1916.** Maiseofar fuinneog(a) siopaí folmha de réir stíl na tréimhse chun na hearraí agus na fógraí a chur in iúl a mbeadh cur amach ag na daoine a mhair i 1916 orthu. Spreagfar gnólachtaí tráchtála i mBaile an Longfoirt chun páirt a ghlacadh, chomh maith.
22.04.2016 Longford Branch Library Leabharlann Bhrainse an Longfoirt	**Longford and 1916 Exhibition.** Launch of an exhibition telling the story of the Easter Rising, the local people involved and its impact on Longford.	**Taispeántas ar An Longfort agus 1916.** Seolfar taispeántas a insíonn scéal Éirí Amach na Cásca, na daoine áitiúla a raibh páirt acu ann agus an tionchar a d'imir sé ar an Longfort.
22.04.2016 Longford town Baile an Longfoirt	**Longford and 1916 booklet.** The launch of a booklet on the Longford participants in the Rising.	**Seoladh an leabhráin Longford and 1916.** Seolfar leabhrán ar rannpháirtithe an Longfoirt san Éirí Amach.
23.04.2016 Áras an Chontae, Longford town Áras an Chontae, Baile an Longfoirt	**Fáiltiú Cathartha.** Reception for the relatives of the approximately 13 Longford people who participated in the Rising.	**Civic Reception.** Fáilteofar gaolta thart ar 13 duine de bhunadh an Longfoirt a ghlac páirt san Éirí Amach.
24.04.2016 Longford town & Connolly Barracks Complex Baile an Longfoirt agus Coimpléasc Dhún Uí Chonghaile	**Commemorative Parade.** A parade of local organisations and communities along with the Irish Defence Forces. To be followed by reading of the Proclamation and flag-raising ceremony. Performance pieces focussing on the events and people of the Rising. Representatives from each of Longford's twin towns in France, the US and Mexico, and the Longford Associations abroad will also participate.	**Mórshiúl Comórtha.** Déanfaidh eagraíochtaí agus pobail áitiúla mórshiúl i dteannta Fhórsaí Cosanta na hÉireann. Leanfar sin le léamh an Fhorógra agus searmanas ardaithe brataí. Beidh saothair léiriúcháin ar siúl ina dhiaidh sin a dhíríonn ar imeachtaí an Éirí Amach agus ar na daoine a ghlac páirt ann. Beidh ionadaithe as gach ceann de na bailte lena bhfuil an Longfort nasctha sa Fhrainc, i SAM agus i Meicsiceo, mar aon le Cumainn an Longfoirt thar lear, páirteach ann chomh maith.

Historical Reflection
Machnamh ar an Stair

13.10.2015 Longford Women's Link, Longford town Nasc Mhná Longfoirt, Baile an Longfoirt	**Women and the 1916 Rising Workshop. Women & Revolution: Gender, politicisation and participation in the 1916 Rising.** Longford Women's Link will host a thought-provoking workshop on the role of women in the 1916, With Dr. Mary McAuliffe, U.C.D.	**Ceardlanna Mná agus Éirí Amach 1916: Mná agus Éirí Amach: Inscne, polaitiú agus rannpháirtíocht in Éirí Amach 1916.** Cuirfidh Nasc Mhná Longfoirt ceardlann ar siúl a spreagfaidh machnamh ar ról na mban in Éirí Amach 1916, leis an Dr Mary McAuliffe, U.C.D.
03.11.2015 Ballymahon Library Leabharlann Bhaile Uí Mhatháin	**Women and the 1916 Rising Workshop. Longford Women in the 1916 Rising.** Longford Women's Link presents a thought-provoking workshop on the role of women in 1916, with Martin Morris, County Archivist and Margot Gearty, grand-niece of Kitty Kiernan.	**Ceardlanna Mná agus Éirí Amach 1916: Mná an Longfoirt in Éirí Amach 1916.** Cuirfidh Nasc Mhná Longfoirt ceardlann spreagtha machnaimh ar bun ar ról na mban i Éirí Amach 1916, le Martin Morris, Cartlannaí Contae agus Margot Gearty, garnia le Kitty Kiernan.
18.11.2015 Longford Library Leabharlann an Longfoirt	**Women and the 1916 Rising Workshop: A long line of troublemakers—the Sheehy-Skeffington's campaigns for equality and women's rights 1916-2016.** Longford Women's Link will host this thought-provoking workshop with Dr. Micheline Sheehy-Skeffington.	**Ceardlanna Mná agus Éirí Amach 1916: Sliocht fhada chlampróirí—feachtais Sheehy-Skeffington maidir le comhionannas agus cearta ban 1916-2016.** Cuirfidh Nasc Mhná Longfoirt an cheardlann seo, a spreagfaidh machnamh, ar siúl leis an Dr Micheline Sheehy-Skeffington.
04.02.2016 Longford town Baile an Longfoirt	**The role of the Labour movement in the Rising.** The County Longford Historical Society will host a talk reflecting and discussing the influence that the Labour movement had on the Rising.	**Ról Ghluaiseacht an Lucht Oibre san Éirí Amach.** Cuirfidh Cumann Staire Chontae an Longfoirt caint ar bun a dhéanann machnamh agus plé ar an tionchar a d'imir Gluaiseacht an Lucht Oibre ar an Éirí Amach.
07.02.2016 Clonfin Memorial & Ballinalee Cuimhneachán Chluain Fionn agus Béal Átha na Lao	**95th Clonfin Commemoration.** The Clonfin Memorial Committee will host their annual commemoration of the Battle of Clonfin, which in 2016 will focus on the events 1916 and its influence on events during the War of Independence.	**95ú Comóradh Chluain Fionn.** Cuirfidh Coiste Cuimhneacháin Chluain Fionn a gcomóradh bliantúil ar Chath Chluain Fionn ar siúl, a dhíreoidh in 2016 ar imeachtaí 1916 agus an tionchar a d'imir siad ar na himeachtaí i gcaitheamh Chogadh na Saoirse.

11.03.2016 Longford Women's Link, Longford town Nasc Mhná Longfoirt, Baile an Longfoirt	**The Unsung Heroines—honouring Longford women's role in the 1916 Rising.** Longford Women's Link will host a day of drama, music, song and poetry.	**Na Banlaochra Dearmadta—onóir a thabhairt don ról a ghlac mná an Longfoirt in Éirí Amach 1916.** Cuirfidh Nasc Mhná Longfoirt lá de dhráma, ceol, amhráin agus filíocht ar siúl.
03.2016 Longford town Baile an Longfoirt	**Longford 1916 Rising Map.** Longford Tourism will launch a map highlighting sites in county with 1916 connections.	**Léarscáil Éirí Amach 1916 sa Longfort.** Seolfaidh Turasóireacht an Longfoirt léarscáil ina dtabharfar chun solais suíomhanna sa chontae a bhfuil ceangail acu le 1916.
24.03.2016 Granard Gránard	**John Cawley, Paul Cusack and the Rising.** The Granard Historical Society, will present a talk on two Granard volunteers, John Cawley and Paul Cusack, who departed there that fateful Easter Monday to join the Rising, driven by Larry Kiernan. Kiernan's Ford Model T survives, and will be restored for the centenary commemoration.	**John Cawley, Paul Cusack agus an tÉirí Amach.** Cuirfidh Cumann Staire Ghránaird caint ar bheirt óglach ó Ghránard, John Cawley agus Paul Cusack, a d'fhág an áit chéanna Luan cinniúnach Cásca chun páirt a ghlacadh san Éirí Amach. Thug Larry Kiernan síob dóibh. Is ann go fóill do Ford Model T Kiernan, agus déanfar é a athchóiriú don chomóradh céad bliain.
22 – 24.04.2016 The Connolly Barracks Complex Coimpléasc Dhún Uí Chonghaile	**I Am 1916: docudrama.** Hitchhikers Films presents an audio-visual dramatisation, bringing to life the Longford participants in the Rising, and reimagining their recollections of the time. This will be on display in public venue(s) in Longford town during the Centenary weekend.	**I Am 1916: dráma faisnéise.** Cuireann Hitchhikers Films drámú closamhairc i láthair, a thugann rannpháirtithe an Longfoirt san Éirí Amach chun beochta, agus a dhéanann athshamhlú ar a n-athchuimhní ar an tréimhse. Beidh seo ar taispeáint in iona(i)d p(h)oiblí i mBaile an Longfoirt i rith dheireadh seachtaine an Chomórtha Céad Bliain.
04.2016 Backstage Theatre, Longford town Amharclann an Backstage, Baile an Longfoirt	**Voices of the Rising.** This event will comprise key speeches and poems from the period, documenting the path to the Rising and reaction to the event, interspersed with music. These will include: Edward Carson, (1914); John Redmond, Woodenbridge (1914); James Connolly; Pádraic Pearse, the graveside oration for O'Donovan Rossa (1915); The Proclamation, (1916); the Surrender, (1916); Pearse, Fornocht do chonac thú; W.B. Yeats, September 1916.	**Voices of the Rising.** Is éard a bheidh i gceist leis an imeacht seo ná na príomhóráidí agus na príomhdhánta ón tréimhse, a dhéanann doiciméadú ar an gconair a fhad leis an Éirí Amach agus an fhreagairt don imeacht, fite fuaite le ceol. Ina measc seo, beidh: Edward Carson, (1914); John Redmond, Woodenbridge (1914); Séamas Ó Conghaile; Pádraig Mac Piarais, óráid cois uaighe do Dhiarmaid Ó Donabháin Rossa (1915); An Forógra, (1916); an Géilleadh, (1916); Mac Piarais, Fornocht do chonac thú; W.B. Yeats, September 1916.
20.08.2016 Longford Arms Hotel Óstán an Longford Arms	**1916 Rising: conference.** The Longford Historical Society will host a one-day conference on the 1916 Rising, its people and legacy.	**Éirí Amach 1916: comhdháil.** Cuirfidh Cumann Staire an Longfoirt comhdháil a mhairfidh lá amháin ar Éirí Amach 1916, na daoine a raibh páirteach ann agus oidhreacht an Éirí Amach ar siúl.

The Living Language
An Teanga Bheo

03.2016 Backstage Theatre Amharclann an Backstage	**Drámaíocht an Phiarsaigh.** Primary schools will perform three of P.H. Pearse's short stories, such as Eoinín na nÉan and Íosagán through Irish.	**Drámaíocht an Phiarsaigh.** Léireoidh bunscoileanna trí cinn de ghearrscéalta Phádraig Mhic Piarais, ar nós Eoghainín na nÉan agus Íosagán trí Ghaeilge.
03.2016 Temperance Hall Halla Temperance	**Céilí Mór.** Inter-generational céilí dancing, with the audience encouraged to dress in period clothing.	**Céilí Mór.** Rince idirghlúine céilí, ina spreagtar an lucht féachana feisteas na tréimhse a chaitheamh.
2016 Temperance Hall Halla Temperance	**Ceolchoirm na Meánscoileanna.** The secondary schools perform traditional and modern music and songs through the Irish language.	**Ceolchoirm na Meánscoileanna.** Déanfaidh na meánscoileanna ceol agus amhráin thraidisiúnta a sheinm agus a chanadh trí Ghaeilge.
2016 Venues in Co. Longford Ionaid i gContae an Longfoirt	**Amhráin 1916.** A series of bilingualmusical performances will take place throughout the year inspired by the people and events of Easter 1916, and the music of the era.	**Amhráin 1916.** Beidh sraith taibhithe dátheangacha ceoil ar fáil i gcaitheamh na bliana atá inspreagtha ag na daoine a ghlac páirt san Éirí Amach agus in imeachtaí Cháisc 1916, mar aon le ceol na linne.

Youth and Imagination
An Óige agus an tSamhlaíocht

10.2015 Longford town Baile an Longfoirt	**Teachers seminar.** The Carrick-on-Shannon Teachers Centre and Longford Library, Heritage & Archives Services will deliver this seminar to inform and support local teachers in the programme of events planned for 2016.	**Seimineár na múinteoirí.** Cuirfidh Ionad Múinteoirí Chora Droma Rúisc agus Seirbhísí Leabharlainne, Oidhreachta agus Cartlann an Longfoirt an seimineár seo ar bun chun tacú le múinteoirí áitiúla agus iad a chur ar an eolas maidir leis an gclár imeachtaí atá beartaithe do 2016.
09.2015 – 06.2016 Primary schools in Co. Longford Bunscoileanna i gContae an Longfoirt	**Pushkin Schools Programme — Longford.** The Pushkin Trust, in partnership with Longford's primary schools, will participate in a cross-border initiative to create projects that remember/ celebrate "all those who have brought peace to our land".	**Clár Scoileanna Pushkin—an Longfort** Glacfaidh Iontaobhas Pushkin, i bpáirtíocht le bunscoileanna an Longfoirt, páirt i dtionscnamh trasteorann chun tionscadail a chruthú a chuimhníonn/a cheiliúrann "gach duine a bhain an tsíocháin amach inár dtír".
09.2015–06.2016 Ardagh Heritage and Creativity Centre & Primary schools in Co. Longford Ionad Oidhreachta agus Cruthaitheachta Ardach agus Bunscoileanna i gContae an Longfoirt	**'Reliving History': Honouring 1916 Schools' Programme.** The Ardagh-Moydow Reaching Out Group and Ardagh Heritage & Creativity Centre have developed a creative programme focussed on 1916 and the Rising including history, drama and art that will encourage children/groups to think about the people involved in The Rising, in particular those with a local connection, in a sensitive yet enjoyable manner.	**Clár Scoileanna 'Reliving History' a thugann Onóir do 1916.** D'fhorbair Grúpa For-Rochtana Ardach-Mhaigh Dumha agus Ionad Oidhreachta agus Cruthaitheachta Ardach clár cruthaitheach atá dírithe ar 1916 agus ar an Éirí Amach, stair, dráma agus an ealaín san áireamh a spreagfaidh leanaí/grúpaí chun smaoineamh faoi na daoine a raibh baint acu san Éirí Amach, go háirithe iad siúd a raibh nasc áitiúil acu, ar bhealach íogair ach taitneamhach.
24.06.2016 Longford town Baile an Longfoirt	**Aisling Children's Arts Festival—Centenary Parade.** The Aisling Children's Arts Festival will participate in Longford's ceremonial parade, to provide a spectacle for the local community to highlight the theme of historical reflection.	**Féile Ealaíon Leanaí Aisling—Mórshiúl an Chomórtha Céad Bliain.** Glacfaidh Féile Ealaíon Leanaí Aisling páirt i mórshiúl searmanais an Longfoirt, chun taispeántas a sholáthar inár féidir leis an bpobal áitiúil an bhéim a leagan ar théama an mhachnaimh stairiúil.

21.05.2016 Ardagh Heritage and Creativity Centre Ionad Oidhreachta agus Cruthaitheachta Ardach	**'A Time-travel Day Out to 1916'.** The Ardagh-Moydow Reaching Out Group and Ardagh Heritage and Creativity Centre will host a themed family day based on the world of 1916 and experiencing how arts inspired the Rising, using costumes and games of the era.	**'A Time-travel Day Out to 1916'.** Cuirfidh Grúpa For-Rochtana Ardach-Mhaigh Dumha agus Ionad Oidhreachta agus Cruthaitheachta Ardach lá téamach teaghlaigh ar bun bunaithe ar an domhan sa bhliain 1916 agus taithí a fháil ar conas a spreag na healaíona an tÉirí Amach, agus feistis agus cluichí na ré a n-úsáid.
2016 Backstage Theatre, Longford Amharclann an Backstage, Baile an Longfoirt	**'A Coming of Age'.** The Backstage Theatre and Backstage Youth Theatre will co-produce an original piece of theatre exploring the stories and people from Longford in 1916, reflecting on the past 100 years and where we are now, and re-imagining the next 100 years.	**'A Coming of Age'.** Comhléiríonn Amharclann an Backstage agus Téatar Óige an Backstage saothar bunaidh amharclannaíochta a fhiosraíonn scéalta agus daoine ón Longfort i 1916, a dhéanann machnamh ar an 100 bliain anuas agus ar an áit atá bainte amach anois againn, agus a dhéanann athshamhlú ar an 100 bliain amach romhainn.

Cultural Expression
Léiriú Cultúrtha

22.04.2016–24.04.2016 Longford library branches Brainsí Leabharlainne an Longfoirt	**Exhibition of 1916 Heroes: portrait exhibition.** An art exhibition developed by Breege Cassidy, to visually remember the key figures involved in the 1916 Rising, including some of our Longford heroes.	**Taispeántas de Laochra 1916: taispeántas portráidí.** Taispeántas ealaíne a d'fhorbair Breege Cassidy, chun cuimhneamh amhairc a dhéanamh ar na príomhdhaoine móra le rá a raibh baint acu le hÉirí Amach 1916, cuid de laochra an Longfoirt ina measc.
24.04.2016 Various venues in Co. Longford & Longford town Ionaid éagsúla i gContae agus i mBaile an Longfoirt	**'Lights in the Darkness'.** A series of community-based workshops, developed by Tom Meskell, engaging with all streams of society. These will include: the Engage Arts Group, the Men's Sheds of Longford, schools, twinning associations, sports groups, new-Irish, special needs and Active Age groups. It will create over 100 lantern figures to form part of the official state ceremonial events in Longford town.	**'Lights in the Darkness'.** Sraith de cheardlanna pobalbhunaithe, forbartha ag Tom Meskell, a théann i ngleic le gach aicme den tsochaí. Ina measc seo, beidh: an Grúpa Ealaíon Engage, Cumainn Fear an Longfoirt, scoileanna, comhcheangail nasctha, grúpaí spóirt, na nua-Éireannaigh, grúpaí riachtanais speisialta agus Grúpaí Gníomhacha Aosach. Déanfar os cionn 100 fíor lóchrainn a chruthú chun bheith mar chuid de na himeachtaí oifigiúla searmanas i mBaile an Longfoirt.
26.04.2016 Longford Library Leabharlann an Longfoirt	**'The Poetry of 1916'.** The County Longford Historical Society presents an evening of poetry and song from the period.	**'Filíocht 1916'.** Cuireann Cumann Staire Chontae an Longfoirt tráthnóna d'fhilíocht agus d'amhráin ón tréimhse i láthair.
06.05.2016–08.05.2016 Granard Gránard	**Fleadh Chontae an Longfoirt 2016.** Comhaltas Ceoltóirí Éireann will host the 2016 County Fleadh in Granard, which will celebrate the Irish music and culture that inspired those who participated in the Rising.	**Fleadh Chontae an Longfoirt 2016.** Cuirfidh Comhaltas Ceoltóirí Éireann Fleadh an Chontae 2016 ar bun i nGránard, a dhéanfaidh ceiliúradh ar cheol agus cultúr na hÉireann a spreag na daoine siúd a ghlac páirt san Éirí Amach.
06.05.2016 Granard Gránard	**'The Hill of the Sun'.** As part of the County Fleadh, Comhaltas Ceoltóirí Éireann will stage a musical drama inspired by life in 1916.	**'The Hill of the Sun'.** Mar chuid d'Fhleadh an Chontae, léireoidh Comhaltas Ceoltóirí Éireann ceoldráma atá spreagtha ag an saol i 1916.
06.05.2016–08.05.2016 Edgeworthstown Meathas Troim	**'A Terrible Beauty is Born'—Edgeworth Literary Festival.** The Edgeworth Literary Festival will commemorate the 1916 Rising. Events will include: a talk by a noted national historian; short-story, poetry and art competitions; an Irish Night in the Mostrim Arms; story-telling for children with the theme of the foundation of the State.	**"A Terrible Beauty is Born"—Féile Liteartha Mheathas Troim.** Déanfaidh Féile Liteartha Mheathas Troim comóradh ar Éirí Amach 1916. I measc na n-imeachtaí, beidh: caint le staraí náisiúnta mór le rá; comórtais ghearrscéalta, filíochta agus ealaíne; Oíche Ghaelach sa Mostrim Arms; seanchas do leanaí agus téama bhunú an Stáit i gceist.

03.06.2016–05.06.2016 Ballymahon Library & The Rustic Inn, Abbeyshrule Leabharlann Bhaile Uí Mhatháin agus The Rustic Inn, Mainistir Shruthla	**Goldsmith Literary Festival** The annual Goldsmith Literary Festival, which looks at the works of Oliver Goldsmith in the context of contemporary issues, will adopt the Rising as its focal point.	**Féile Liteartha Goldsmith** Glacfaidh Féile bhliantúil Liteartha Goldsmith, a dhéanann staidéar ar shaothair Oliver Goldsmith i gcomhthéacs shaincheisteanna comhaimseartha, agus beidh an tÉirí Amach mar phointe fócais.
03.07.2016 Edgeworthstown Meathas Troim	**'Up For The Rising: The local connection'.** A production, written by Pauline Flood, on the events of the Rising and the Longford connection, incorporating drama and music.	**'Up For The Rising: The local connection'.** Léiriúchán, a scríobh Pauline Flood, ar imeachtaí an Éirí Amach agus ar cheangal an Longfoirt, a chuimsíonn dráma agus ceol.
28.07.2016–31.07.2016 Longford Town Baile an Longfoirt	**Cruthú Arts Festival.** The annual Cruthú Arts Festival in Longford town will take the 1916 Rising as its theme and as inspiration for a wide range of artistic expression, including an exhibition based on an open call issued to artists, writers and photographers on Artists Responding to the Proclamation	**Féile Ealaíon Cruthú.** Glacfaidh an Féile Ealaíon bhliantúil, Cruthú, i mBaile an Longfoirt le hÉirí Amach 1916 agus mar inspioráid do réimse fairsing de léiriú ealaíonta, ina measc, taispeántas atá bunaithe ar ghairm oscailte a eisíodh d'ealaíontóirí, scríbhneoirí agus grianghrafadóirí maidir le hEalaíontóirí a Fhreagraíonn don Fhorógra.
28.07.2016–31.07.2016 Longford Town Baile an Longfoirt	**'Would You Die for Ireland?'** As part of the Cruthú Arts Festival, a performance by John Byrne, featuring an original video piece and performative elements with a choir to create a memorable experience.	**'Would You Die for Ireland?'** Mar chuid den Fhéile Ealaíon Cruthú, léiriú le John Byrne, ina bhfuil gearrthóg bhuaidh físeáin agus gnéithe taibhitheacha agus ina mbeidh cór chun eispéireas cuimhneach a dhéanamh de.

Community Participation
Rannpháirtíocht Phobail

29.08.2015 Ballymahon town Baile Uí Mhatháin	**Ballymahon Heritage Day.** The Ballymahon Development Group marked the centenary of the oration given by P.H. Pearse at the funeral of Jeremiah O'Donovan-Rossa, along with a flag-raising ceremony and parade, as part of Heritage Week 2015.	**Lá Oidhreachta Bhaile Uí Mhatháin.** Ceiliúrfaidh Grúpa Forbartha Bhaile Uí Mhatháin comóradh céad bliain na hóráide a thug P.H. Mac Piarais ag sochraid Jeremiah O'Donovan-Rossa, agus beidh searmanas ardaithe brataí agus mórshiúl ann, mar chuid de Sheachtain na hOidhreachta 2015.
10.10.2015–25.11.2015 Out-take Media Studios, Longford town. Stiúideonna Out-take Media, Baile an Longfoirt	**Making TV to Remember.** This project gives citizens in Longford with an interest in the 2016 commemoration an opportunity to create media that document their own connection to the events of 100 years ago. Training will be provided on developing scripts, planning and making a topic-based video article and the operation of a basic TV studio.	**Making TV to Remember.** Tugann an tionscadal seo an deis do dhaoine sa Longfort ar spéis leo comóradh 2016 chun meáin a chruthú a dhéanann an ceangal féin atá acu le himeachtaí a tharla 100 bliain ó shin a dhoiciméadú. Soláthrófar oiliúint ar scripteanna a fhorbairt, alt físeáin atá bunaithe ar ábhar a phleanáil agus a dhéanamh agus chun stiúideo bunúsach teilifíse a oibriú.
17.03.2016 Ballymahon town Baile Uí Mhatháin	**Ballymahon 1916 Commemoration an St. Patrick's Day Parade.** Ballymahon town will remember the 1916 Rising through a series of events, organised by Ballymahon Community Development Group and the St. Patrick's Day Parade Committee, including a parade with volunteers in military costume and period clothing, flag-raising, reading of the Proclamation and concert.	**Comóradh 1916 Bhaile Uí Mhatháin agus Mórshiúl Lá Fhéile Pádraig.** Déanfaidh baile Bhaile Uí Mhatháin cuimhneamh ar Éirí Amach 1916 trí shraith imeachtaí, a bheidh eagraithe ag Grúpa Forbartha Pobail Bhaile Uí Mhatháin agus Coiste Mhórshiúl Lá Fhéile Pádraig, ina measc, mórshiúl le hoibrithe deonacha i bhfeisteas míleata agus éadaí á gcaitheamh acu ón tréimhse, ardú brataí, léamh an Fhorógra agus ceolchoirm.
03.2016 The Mall, Longford town An Meal, Baile an Longfoirt	**1916 Rising Memorial Garden.** Longford College of Further Education, the Mid-Longford Commemoration Committee and the County Longford Historical Society will open a memorial garden and unveil a plaque with names of Longford participants.	**Gairdín Cuimhneacháin Éirí Amach 1916.** Osclóidh Coláiste Breisoideachais an Longfoirt, Coiste Comórtha an Longfoirt Láir agus Cumann Staire Chontae an Longfoirt gairdín cuimhneacháin agus cuirfidh siad plaic i láthair go poiblí ar a mbeidh ainmneacha rannpháirtithe an Longfoirt.

25.03 – 28.03.2016 Granard town Baile Ghránaird	**Granard Easter Festival & Parade.** The Granard Easter Festival will undertake a series of events, with the centenary of the Rising at their core. This will include the unveiling of a plaque or monument dedicated to the Easter Rising	**Féile agus Mórshiúl na Cásca, Gránard.** Tabharfaidh Féile na Cásca, Gránard faoi shraith imeachtaí a chur ar siúl agus beidh siad dírithe ar chomóradh céad bliain an Éirí Amach. Áireofar leo seo plaic nó séadchomhartha a chur i láthair go poiblí atá tiomnaithe d'Éirí Amach na Cásca.
03.07.2016 The Green, Edgeworthstown An Fhaiche, Meathas Troim	**Edgeworthstown—Easter Rising Re-enactment.** The Edgeworthstown Development Group and volunteers will re-enact key elements of the Rising, making this period of history come to life for a modern audience.	**Athchruthú ar Éirí Amach na Cásca Mheathas Troim.** Déanfaidh Grúpa Forbartha Mheathas Troim agus oibrithe deonacha athchruthú ar ghnéithe den Éirí Amach, agus bronnfaidh siad beocht ar an tréimhse seo den stair lucht féachana nua-aimseartha.
07.2015 Lanesborough Béal Átha Liag	**Lough Ree Environmental Summer Festival** The annual Lough Ree Environmental Summer Festival will adopt the 1916 Rising as one of its themes in 2016.	**Féile Chomhshaoil Samhraidh Loch Rí.** Glacfaidh Féile bhliantúil Chomhshaoil Samhraidh Loch Rí le hÉirí Amach 1916 mar cheann dá téamaí in 2016.

Global and Diaspora
Éireannaigh ar fud an Domhain agus an Diaspóra

02.2016 Longford town, secondary schools Baile an Longfoirt, meánscoileanna	**Longford Town Twinning—Schools Programme.** Students from Noyal-Châtillon-sur-Seiche will visit Longford in February and will be involved in the Centenary programme through initiatives, such as the 'Lights in the Darkness' lantern project.	**Nascadh Bailte an Longfoirt - Clár Scoile.** Tabharfaidh daltaí ó Noyal-Châtillon-sur-Seiche cuairt ar an Longfort i bhFeabhra agus beidh páirt acu i gclár an Chomórtha Céad Bliain trí thionscnaimh ar nós thionscadal lóchrann 'Lights in the Darkness'.
08.2016 Ballymahon town. Baile Uí Mhatháin	**Longford-Westmeath Argentine Society.** This organisation maintains a long-established link with the diaspora communities in Argentina. It will host an asado (barbeque) which will be part of the commemoration.	**Cumann Airgintíneach an Longfoirt-na hIarmhí.** Cothaíonn an eagraíocht ceangal atá bunaithe leis na cianta leis na pobail diaspóra san Airgintín. Déanfaidh siad asado (fulacht fia) a chur ar bun a bheidh mar chuid den chomóradh.
2016 Venues in Co. Longford Ionaid i gContae an Longfoirt	**International Longford Associations Events.** Longford's associations abroad, including London, Manchester and New York will be participating in the commemoration programme.	**Imeachtaí Chumainn Idirnáisiúnta an Longfoirt.** Beidh cumainn an Longfoirt thar lear, i Londain, Manchester agus i Nua-Eabhrac go léir ag glacadh páirte sa chlár comórtha.
2016 Longford town, Ballymahon and Ballinamuck Town Baile an Longfoirt, Baile Uí Mhatháin agus Béal Átha na Muc	**Longford Towns Twinning Events.** The twinning groups for Longford, Granard, Ballinamuck and Ballymahon in Co. Longford will invite representatives of the twinned towns in France, North America and Mexico to attend local events.	**Imeachtaí Nasctha Bailte an Longfoirt.** Tabharfaidh grúpaí nasctha an Longfoirt, Ghránaird, Bhéal Átha na Muc agus Bhaile Uí Mhatháin i gContae an Longfoirt cuireadh d'ionadaithe na mbailte nasctha sa Fhrainc, i Meiriceá Thuaidh agus i Meicsiceo chun freastal ar imeachtaí áitiúla.
2016 Pearse Park, Longford & GAA venues in Co. Longford Páirc an Phiarsaigh, an Longfort, agus ionaid CLG i gContae an Longfoirt	**GAA International event.** County Longford GAA, in partnership with their partner Associations abroad, including New York and London, will organise an event at Pearse Park, Longford, will take place and our diaspora will be invited to participate.	**Imeacht idirnáisiúnta CLG.** Eagróidh CLG Chontae an Longfoirt, i bpáirtíocht lena gCeangail chomhpháirtíochta thar lear, Nua-Eabhrac agus Londain ina measc, imeacht a bheidh ar siúl i bPáirc an Phiarsaigh, an Longfort, agus tabharfar cuireadh dár ndiaspóra chun páirt a ghlacadh.

LONGFORD IRELAND 2016 COMMITTEE

Cllr. Gerry Warnock (Cathaoirleach)
Cllr. Mark Casey
Cllr. John Duffy
Cllr. Gerard Farrell
Cllr. Martin Mulleady
Cllr. Peggy Nolan
Cllr. Mae Sexton
Eamonn Brennan
Mary Carleton-Reynolds (County Coordinator)
Donall Mac An Bheatha
Martin Morris
Fr. Thomas Murray
Máiréad Ní Chonghaile

COISTE ÉIRE 2016 LONGFOIRT

An Comh. Gerry Warnock (Cathaoirleach)
An Comh. Mark Casey
An Comh. John Duffy
An Comh. Gerard Farrell
An Comh. Martin Mulleady
An Comh. Peggy Nolan
An Comh. Mae Sexton
Éamonn Brennan
Mary Carleton-Reynolds (Comhordaitheoir Contae)
Dónall Mac an Bheatha
Martin Morris
An tAthair Thomas Murray
Mairéad Ní Chonghaile

LONGFORD IRELAND 2016 COORDINATOR

For further information about this Programme please contact our 2016 Coordinator:

Mary Carleton Reynolds
e: mreynolds@longfordcoco.ie
t: 043–3343300
w: www.longfordcoco.ie

COMHORDAITHEOIR ÉIRE 2016 LONGFOIRT

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin gClár seo déan teagmháil, le do thoil, lenár gComhordaitheoir 2016:

Mary Carleton Reynolds
r: mreynolds@longfordcoco.ie
g: 043–3343300
i: www.longfordcoco.ie

ÉIRE
IRELAND

1916
2016

Clár Comórtha
Céad Bliain
Centenary
Programme

Longford County Council
Great Water St.
Longford N39 NH56

e: mreynolds@longfordcoco.ie
t: 043–3343300
w: www.longfordcoco.ie

Údaráis Áitiúla An Longfoirt
Sráid An Uisce Mhóir
An Longfort N39 NH56

r: mreynolds@longfordcoco.ie
g: 043–3343300
i: www.longfordcoco.ie

ireland.ie